

▶ Aonad 7
Custaim

Plean Ceachta





1.0 Toradh Foghlama

Scrúdú a dhéanamh ar chuspóir na gcustam agus ar na buntáistí a bhaineann Éire as a bheith mar chuid d'Aontas Custam an Aontais Eorpaigh. Iniúchadh a dhéanamh ar chur i bhfeidhm cánacha agus dleachtanna ar cheannach earraí le haghaidh úsáid phearsanta.



2.0 Spriocanna Foghlama


Ag deireadh an aonaid seo, beidh mé in ann:

1.	Forléargas gairid a thabhairt ar an Aontas Eorpach
2.	Idirdhealú a dhéanamh idir iompórtáil agus easpórtáil
3.	Sainmhíniú a thabhairt ar an téarma 'Custaim'
4.	Achoimre a thabhairt ar na buntáistí a bhaineann le ballraíocht na hÉireann in Aontas Custam an AE
5.	Cur síos ar na cúinsí ina ngearrtar CBL agus Dleacht Chustam ar earraí iompórtáilte
6.	Míniú a thabhairt ar fheidhmeanna na nÚdarás Custam agus ar na modhanna a úsáideann na gníomhaireachtaí seo chun monatóireacht agus rialú a dhéanamh ar earraí iompórtáilte



3.0 Fad ama


2 x rang uair an chloig



4.0 Naisc

Naisc Litearthachta

An tAontas Eorpach, Iompórtálacha, Easpórtálacha, Custaim, Aontas Custam an AE, Dleacht Chustam, CBL, Seiceálacha Custaim, Breatimeacht, Údaráis custam



Naisc Uimhearthachta

Rátaí cánach, Suimiú, Dealú, Céatadáin, Iolrú, Roinnt



Naisc Traschuraclaim

Cuntasaíocht, Gnó, Eolaíocht Ríomhaireachta, Eacnamaíocht, Tíreolaíocht, Stair, Mata, an Pholaitíocht agus an tSochaí.



Scileanna Idirbhliana

A bheith éifeachtach go pearsanta, Cumarsáid, Smaointeoireacht chriticiúil agus chruthaitheach, Próiseáil faisnéise, Obair le daoine eile



5.0 Acmhainní

Is iad seo thíos na hacmhainní atá ag teastáil don aonad seo:

1.	Clár bán, teilgeoir, ríomhaire pearsanta / ríomhaire glúine le nasc idirlín
2.	Plean Ceachta
3.	Cur i láthair PowerPoint
4.	Bileog Oibre (1) agus (2) le haghaidh Gníomhaíocht Scoláirí
5.	Freagraí do Bhileog Oibre (2) le haghaidh Gníomhaíocht scoláirí
6.	Bileog Oibre Earraí a cheannach ar líne
7.	Freagraí do Bhileog Oibre Earraí a cheannach ar líne
8.	Bileog Oibre le Dleacht Chustam agus CBL a Ríomh
9.	Freagraí do Bhileog Oibre le Dleacht Chustam agus CBL a Ríomh
10.	Dialann Foghlama Scoláire

6.0 Réamhrá

Tugann an múinteoir breac-chuntas gairid ar na spriocanna foghlama ar shleamhnán PowerPoint 2 chun na hábhair atá le clúdach le linn an aonaid a thaispeáint. Dáiltear cóip d’**Aonad 7: Bileoga Oibre 1 agus 2 le haghaidh Gníomhaíocht Scoláirí** ar gach scoláire.

6.1 Dul Siar

Gníomhaíocht 1

Roinn an rang i bhFoireann 1 agus i bhFoireann 2. Taispeáin an ghreille 'náideanna agus crosa' ar shleamhnán PowerPoint 3 ionas gur féidir le gach scoláire í a fheiceáil. Cuir ceist ar Fhoireann 1, má fhreagraíonn siad i gceart í, is féidir le scoláire ón bhfoireann sin ceann de na cearnóga ar an ngreille a líonadh le X. Cuir ceist ar Fhoireann 2. Má freagraíonn siad i gceart, is féidir leis an bhfoireann cearnóg a roghnú agus a líonadh le O. **Críochnaíonn an cluiche nuair a bhíonn 3 (X / O) i ndiaidh a chéile ag foireann amháin, go cothrománach, go trasnánach, nó go hingearach nó nuair a líontar na cearnóga go léir ar an ngreille.**

Ceist	Réiteach
1. Ainmnigh an córas bailithe cánach a úsáidtear chun ioncam fostaíochta a bhailiú.	An córas ÍMAT
2. Cén Sceideal a bhaineann le hioncam gnó?	Sceideal D
3. Cé mhéad cás atá i Sceideal D?	5
4. Is ionann ioncam comhlán lúide costais agus _____ ?	Ioncam glan
5. Céard is brí leis na litreacha ROS i mBéarla agus céard é an teideal iomlán i nGaeilge?	Revenue Online Services nó Seirbhís ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim
6. Céard é an spriocdháta chun cáin ioncam a chlárú agus a íoc?	31 Deireadh Fómhair
7. Céard is seirbhís ann?	Obair a dhéantar do dhaoine eile
8. Céard é an ráta caighdeánach CBL in Éirinn?	23%
9. Ainmnigh seirbhís amháin atá díolmhaithe ó CBL.	Leigheas/Árachas/Oideachas/Baincéireacht/Iompar Paisinéirí/Airgeadas
10. Ainmnigh sampla amháin d'ioncam ÍMAT.	Pá/tuarastal/bónas/coimisiún

7.0 Réamhrá: An tAontas Eorpach

Gníomhaíocht 2

Taispeánann an **múinteoir 6 cheist** a bhaineann leis an **Aontas Eorpach ar shleamhnán PowerPoint 4**. Úsáideann na scoláirí **smaoinigh-obair i mbeirteanna-roinn chun freagraí a chur le chéile**, ar féidir iad a **thairfeadh** ar **Aonad 7: Bileog Oibre (1) le haghaidh Gníomhaíocht Scoláirí, Gníomhaíocht 2**. Glacann an múinteoir aiseolas ó bhéal ó na scoláirí agus **pléann sé/sí a gcuid freagraí mar ghníomhaíocht ranga iomlán**.

Freagraí

Ceisteanna	Freagraí
1. Céard is brí leis na litreacha AE?	Aontas Eorpach
2. Cé mhéad tír atá san Aontas Eorpach?	27
3. Cén tír a d'fhág an tAontas Eorpach le déanaí?	An Ríocht Aontaithe
4. Cén bhliain ar tháinig Éire isteach san Aontas Eorpach?	1973
5. Cé mhéad tír a úsáideann an euro san Aontas Eorpach?	19
6. Déan cur síos ar bhratach an Aontais.	Ciorcal de 12 réalta óir ar chúlra gorm

7.1 Fíricí faoin Aontas Eorpach

Scrúdaíonn na scoláirí léarscáil an Aontais Eorpaigh agus **3 fhíric shuimiúla** faoin AE ar shleamhnán PowerPoint 5.

Gníomhaíocht 3

Déanann scoláirí roinnt **taighde ar líne** chun **teacht ar dhá fhíric shuimiúla** bhreise faoin **Aontas Eorpach**. Is féidir leo na fíricí a **thairfeadh** ar **Aonad 7: Bileog Oibre (1) le haghaidh Gníomhaíocht Scoláirí, Gníomhaíocht 3**. Tar éis do scoláirí fíricí a aithint, is féidir leo iad a **roinnt lena chéile**.

8.0 Iompórtálacha agus Easpórtálacha

Gníomhaíocht 4

D'fhéadfadh an múinteoir **suíomh vótála ar líne** a úsáid, m.sh. www.sli.do, www.menti.com chun ceisteanna a chruthú ag iarraidh ar **scoláirí** sainmhínte a **mholadh d'iompórtálacha agus easpórtálacha**, chomh maith leis na **cúiseanna** a **n-iompórtálann agus a n-easpórtálann tíortha earraí agus seirbhísí**. Mura bhfuil gléas leictreonach nó an t-idirlíon ar fáil, d'fhéadfadh **scoláirí** oibriú i **mbeirteanna/grúpaí** chun a gcuid moltaí a thaifeadh ar **Aonad 7: Bileog Oibre (1) le haghaidh Gníomhaíocht Scoláirí, Gníomhaíocht 4**. Féadann an múinteoir taifead a dhéanamh ar mholtaí na scoláirí ar **shleamhnán PowerPoint 6**.

Seo freagraí a d'fhéadfadh na scoláirí a mholadh:

Téarma	Sainmhínte & Cúiseanna
Iompórtáil	<ul style="list-style-type: none">Nuair a thugtar earraí agus seirbhísí isteach i dtír amháin ó thír eile lena ndíol
Easpórtáil	<ul style="list-style-type: none">Nuair a tháirgtear earraí agus seirbhísí i dtír amháin agus nuair a dhíoltar iad le tír eile
Cúiseanna le hiompórtálacha	<ul style="list-style-type: none">Níl acmhainní nádúrtha áirithe ag Éirinn, m.sh. ola, gualNíl aeráid na hÉireann oiriúnach chun earraí áirithe a fhás m.sh. torthaí citris, tae, caifeTugann sé níos mó roghanna do thomhaltóirí na hÉireann agus earraí agus seirbhísí á gceannach acuÓs rud é go bhfuil an margadh beag in Éirinn, b'fhéidir nach ndéanfaidh gnólachtaí Éireannacha brabús dá gcuirfeadh siad táirgí áirithe ar fáil
Cúiseanna le heaspórtálacha	<ul style="list-style-type: none">Easpórtálann Éire táirgí áirithe nach dtáirgtear i dtíortha eile, m.sh. mar gheall ar aeráid nó talamhTá cáil ar tháirgí Éireannacha thar lear mar gheall ar a n-ardchaighdeán agus cruthaíonn sé seo éileamh ar earraí agus ar sheirbhísí ÉireannachaÓs rud é go bhfuil margadh na hÉireann beag, díolann gnólachtaí Éireannacha a gcuid earraí agus seirbhísí thar lear chun a ndíolacháin agus a mbrabús a mhéadú

8.1 Iompórtálacha isteach go hÉirinn

Gníomhaíocht 5

Oibríonn scoláirí ina mbeirteanna chun samplaí **d'earraí agus seirbhísí a iompórtáiltear isteach go hÉirinn a aithint**. Is féidir le scoláirí na **tíortha** as a dtagann na **hearraí agus na seirbhísí seo a aithint freisin**. Seans go mbeidh an **t-idirlíon nó gléas leictreonach** de dhíth ar scoláirí chun eolas cruinn a fháil ar tháirgí agus ar thíortha araon.

Is féidir an t-eolas a **thairgeadh ar Aonad 7: Bileog Oibre (1) le haghaidh Gníomhaíocht Scoláirí, Gníomhaíocht 5**. Is féidir le scoláirí a **gcuid freagraí a roinnt leis an rang** agus is féidir leis an múinteoir iad seo a **thairgeadh ar shleamhnán PowerPoint 7**.

Taispeánann an **múinteoir graf** a léiríonn na **5 chomhpháirtí trádála is fearr** le haghaidh **iompórtálacha** go hÉirinn ar **shleamhnán PowerPoint 8**. Ina theannta sin, is féidir le **scoláirí scrúdú** a dhéanamh ar an **ngrafaic faisnéise is déanaí ón bPríomh-Oifig Staidrimh** maidir le **trádáil earraí na hÉireann in 2020** a thaispeántar ar **shleamhnán PowerPoint 9**. Agus iad ag féachaint ar an ngrafaic faisnéise seo, d'fhéadfadh **scoláirí plé a dhéanamh ar eolas** a shíleann siad atá **suimiúil / neamhghnách**.

9.0 Réamhrá: Custaim

Gníomhaíocht 6

Is féidir le scoláirí **oibriú i ngrúpaí** chun **cleachtadh** a dhéanamh chun 4 **cheist** a bhaineann le **custaim a fhreagairt ar Aonad 7: Bileog Oibre 1 le haghaidh Gníomhaíocht Scoláirí, Gníomhaíocht 6**. B'fhéidir go mbeidh ar **Scoláirí roinnt taighde ar líne** a dhéanamh chun é seo a chur i gcrích.

Is féidir **plé ranga iomlán** a dhéanamh chun athbhreithniú a dhéanamh ar **fhreagraí an ghrúpa** agus is féidir leis an múinteoir iad a **thairgeadh ar shleamhnán PowerPoint 11**.

9.1 Custaim agus Aontas Custam

Tugann an **múinteoir sainmhíniú** ar **chustaim** agus breac-chuntas ar **aontas custam** a bheith ann laistigh den Aontas Eorpach ar **shleamhnáin PowerPoint 12-13**. Is féidir le scoláirí scrúdú a dhéanamh ar na **staitisticí** is déanaí faoin **Aontas Custam** ar **shleamhnán PowerPoint 14**.

Gníomhaíocht 7

Fiafraíonn an **múinteoir** de na scoláirí an féidir leo smaoineamh ar aon **tairbhe a bhaineann le bheith mar chuid d'aontas custam**. Ansin **féachann** na scoláirí ar ghearrthóg dar teideal **'Cad a chiallaíonn Aontas Custam an AE domsa?'** [1m 59] ar **shleamhnán PowerPoint 15** agus líonann siad **ghreille** ar **Aonad 7: Bileog Oibre (1) le haghaidh Gníomhaíocht Scoláirí, Gníomhaíocht 7**.

Téann an múinteoir trí na buntáistí ar **shleamhnáin PowerPoint 16-18**.

9.2 Rialuithe agus Seiceálacha Custam

Cuireann an **múinteoir** roinnt **ceisteanna** ar na scoláirí chun plé gairid a spreagadh maidir le **rialuithe agus seiceálacha custam**, san áireamh anseo, tá:

1.	Cá dtagann earraí ó thar lear isteach go hÉirinn?
2.	An féidir leat aon cheann de na príomh-aerfoirt agus na príomhchalafoirt in Éirinn a ainmniú?
3.	Ar bhuail tú le rialuithe nó seiceálacha custam? [D'fhéadfadh roinnt scoláirí tagairt a dhéanamh do sheiceálacha bagáiste agus iad ag fágáil an aerfoirt / seiceálacha cois bóthair]
4.	An bhfaca tú aon seiceálacha custam cois bóthair riamh?
5.	Céard atá oifigigh Custam ag monatóireacht / seiceáil?

Taispeánann an múinteoir **sleamhnán PowerPoint 19** agus is féidir leis/léi na **ceisteanna** seo thíos a chur ar na **scoláirí**:

- San íomhá ar thaobh na láimhe deise ar bharr an tsleamhnáin, cén fáth a bhfuil na madraí á n-úsáid ag oifigigh chustam?
- San íomhá ag bun na láimhe deise, céard a bheadh á mhonatóireacht ag oifigigh chustam in ionaid phoist?
- San íomhá ag bun na láimhe clé, cén fáth a bhfuil na hoifigigh chustam ag seiceáil an pheitрил/díosail san fheithicil?

Gníomhaíocht 8

Is féidir le scoláirí féachaint ar an ngearrthóg físe dar teideal **'Nóiméad amháin i saol an Aontais Chustam'** [1m 33] ar **shleamhnán PowerPoint 20** agus a gcuid freagraí a **thaifeadadh** ar **Aonad 7: Bileog Oibre (1) le haghaidh Gníomhaíocht Scoláirí, Gníomhaíocht 8**. Is féidir le scoláirí a gcuid **freagraí** a **roinnt** lena chéile.

Is féidir le **scoláirí scrúdú** a dhéanamh freisin ar **ghrafaic faisnéise an AE** maidir leis an infheistíocht i rialuithe custam an AE ar **shleamhnán PowerPoint 21**.



Tasc Breise

9.2.1 Rialuithe agus Seiceálacha Custam

Más mian le scoláirí tuilleadh eolais a fháil faoi rialuithe custam agus gabhálacha a rinne na Coimisinéirí Ioncaim, d'fhéadfaidís féachaint ar na háilt seo ar líne:

Díríonn na Coimisinéirí Ioncaim ar úsáid mhídhleathach breosla ar bhóithre áitiúla le seicphointe

<https://www.independent.ie/regionals/argus/news/revenue-target-illegal-fuel-use-on-local-roads-with-checkpoint-37852081.html>

Starrfhiacra rosualt, craiceann ollbhéar Meiriceánach, dealbha cnámh agus armlón i measc earraí a ghabh na Coimisinéirí Ioncaim in 2021

<https://www.irishmirror.ie/news/irish-news/walrus-tusks-grizzly-bear-hide-27208258>

9.3 Cánacha agus Dleachtanna

Tugann an **múinteoir** breac-chuntas ar na **cánacha** agus na **dleachtanna** a d'fhéadfadh a bheith i gceist maidir le **hearraí iompórtáilte** isteach go hÉirinn atá le feiceáil ar **shleamhnán PowerPoint 22**. Is féidir iarraidh ar **scoláirí sainmhíniú** ar **Dhleacht Mháil** agus **CBL** a chur ar fáil, mar go mbeidh cur amach acu ar an dá rud bunaithe ar an méid a d'fhoghlaim siad i gceachtanna níos luaithe. Féadann an múinteoir eolas breise ar **CBL** agus **Dleacht Chustam** a leagan amach ar **shleamhnán PowerPoint 23**.

Dáileann an múinteoir an **Bhileog Oibre: Earraí A Cheannach Ar Líne** ar na scoláirí. Mar **chleachtadh ranga iomlán**, téann an múinteoir agus na scoláirí **trí** na cúig **cheist** chun a **fháil amach** an ngearrfar **Dleacht Chustam** agus **CBL** ar na táirgí a luaitear.

Gníomhaíocht 9

Má tá an t-am ar fáil **chuige**, is féidir le scoláirí roinnt **taighde ar líne** a dhéanamh chun **Dleacht Frithdhumpála** agus **Dleacht Frithchúitimh a shainiú**, agus is féidir an taighde seo a **thairfeadh** ar **Aonad 7: Bileog Oibre (1) le haghaidh Gníomhaíocht Scoláirí, Gníomhaíocht 8**. Is féidir le scoláirí **aiseolas ó bhéal** a thabhairt don rang maidir leis na tobhaigh seo.

Tugadh **na Dleachtanna Frithdhumpála** isteach chun tionscal an AE a chosaint ón damáiste a d'fhéadfadh tarlú dá ndumpálfadh tíortha lasmuigh den AE earraí ar phraghas íseal ar mhargadh an AE.

Baineann an **Dleacht Frithchúitimh** le hearraí a bhain leas as fóirdheontais rialtais sa tír ónar tháinig siad. Dá bharr seo, tá praghsanna i bhfad níos ísle ná na gnáthphraghsanna.

De ghnáth, tugtar na táillí seo isteach tar éis gearán a bheith déanta ag trádálaí AE i gcoinne dumpáil earraí nó tar éis fóirdheontais a bheith tugtha isteach. Déanann Coimisiún an AE scrúdú ar ghearáin dá leithéid.

9.4 Breatimeacht agus Comhaontú Trádála

Tosaíonn an múinteoir **plé ar an mBreatimeacht** agus scrúdaíonn na scoláirí na **ceisteanna** a chuirtear ar **shleamhnán PowerPoint 24**.

Freagraí

Ceist	Freagra
1. Céard é an Breatimeacht?	Tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach
2. Cathain a tharla an Breatimeacht?	31 Eanáir 2020
3. Cén tionchar atá ag Breatimeacht ar thrádáil idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe?	<ul style="list-style-type: none">• Laghdú ar iompórtálacha an AE isteach sa Ríocht Aontaithe• Tá stop curtha ag roinnt gnólachtaí sa Ríocht Aontaithe le heaspórtáil chuig an AE agus a mhalairt• Cánacha méadaithe, rialuithe custam, agus doiciméadú• Moill ar sheachadadh táirgí

Má tá an t-am ann chuige, d'fhéadfadh an rang féachaint ar an **ngearrthóg físe dar teideal 'Tá an Ríocht Aontaithe ag fágáil an AE. Seo an rud a chiallaíonn sé sin.'** [2m 08] a dhéanann iniúchadh ar an mBreatimeacht.

Bhí socrú trádála **idir an AE agus an Ríocht Aontaithe** tar éis an Bhreatimeachta, agus ar **shleamhnán PowerPoint 25**, míníonn an **múinteoir** an tionchar a bhí aige sin ar **Dhleacht Chustam** agus **CBL**.

10.0 Údaráis Custam

Míníonn an múinteoir ról na **n-údarás custam** ar fud an AE ar **shleamhnán PowerPoint 26**.

11.0 Tascanna Breise



Tasc Breise

11.1 Gearrthóga Físe

Is féidir leis na scoláirí féachaint ar na gearrthóga seo thíos agus ceisteanna a fhreagairt ar **Aonad 7, Bileog Oibre (1) le haghaidh Gníomhaíocht Scoláirí, Gníomhaíocht 10-12**. Tá na físeáin seo le feiceáil ar **shleamhnáin PowerPoint 27-29**.

- Fíorphraghas earraí bréige [2m 43]
- Gabhálacha Aisteacha Custam [1m 05]
- 'Lá i Saol Madra Bolaíochta Custam' [1m 01]



Tasc Breise

11.2 Cur i bhFeidhm Dleacht Chustam agus CBL

Más mian le scoláirí scrúdú a dhéanamh ar shampla praiticiúil d'fhéadfaidís **Aonad 7: Bileog Oibre Dleacht Custam agus CBL ar Earraí a Ríomh le haghaidh Úsáid Phearsanta** a chríochnú.

12.0 Gníomhaíocht Dul Siar

Ina n-aonar, críochnaíonn scoláirí **Bileog Oibre (2) le haghaidh Gníomhaíocht Scoláirí** chun dul siar a dhéanamh ar an ábhar a clúdaíodh in Aonad 7.

13.0 Dialann Foghlaimeora

Dáileann an múinteoir **teimpléad den dialann foghlama** agus críochnaíonn scoláirí an dialann foghlama a bhaineann leis an aonad seo.